C/2023/723

10.11.2023

Fógra ón gCoimisiún maidir le faisnéis bhreise i dtaca le hidirghabhálacha nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna cur isteach ag na Ballstáit sna tuarascálacha feidhmíochta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2023/723)

Nóta RIPAC [1] **Uimh. 2023-XX**

Soláthraítear an doiciméad seo ar mhaithe le faisnéis amháin agus níl sé beartaithe go mbainfear úsáid as ábhar an doiciméid in ionad comhairliúchán ar aon fhoinse dlí infheidhme nó in ionad na comhairle riachtanaí ó shaineolaí dlí, i gcás inarb iomchuí.

Ní bheidh an Coimisiún ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann freagrach as an úsáid a bhainfear as na nótaí seo agus ní féidir iad a mheas mar léirmhíniú ceangailteach ar an reachtaíocht.

Tá an doiciméad seo beartaithe chun cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí agus údaráis náisiúnta an reachtaíocht Eorpach a chur i bhfeidhm. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú.

EARNÁIL:	Iad uile
BEART:	Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht
ÁBHAR:	Faisnéis bhreise arna cur isteach maidir le hidirghabhálacha nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2]
NA FORÁLACHA LENA mBAINEANN:	Airteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]

Ceist: I bhfianaise Airteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115, cén fhaisnéis bhreise atá le cur isteach ag na Ballstáit sna tuarascálacha feidhmíochta bliantúla a mhéid a bhaineann le hidirghabhálacha nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2021/2116?

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/2115 ón 7 Nollaig 2021, i gcomhréir le hAirteagal 160 de.

Le hAirteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos rialacha maidir le tuarascálacha feidhmíochta bliantúla i dtaca le cur chun feidhme Phlean Straitéiseach CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin, tuarascálacha a tharraing na Ballstáit suas agus a sholáthair siad don Choimisiún.

Foráiltear le hAirteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115, a mhéid a bhaineann le hidirghabhálacha nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2021/2116, agus anuas ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 134(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh na meán-

(1) Is clár agus bunachar sonraí de nótaí léirmhíniúcháin maidir le dlí na talmhaíochta é RIPAC (is as an acrainm Fraincise 'Registre d' Interprétation de la Politique Agricole Commune' a ainmníodh é).

(2) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

(3) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

aonadmhéideanna le haghaidh na n-oibríochtaí a roghnaíodh sa bhliain airgeadais roimhe sin agus an líon gaolmhar aschur agus an caiteachas gaolmhar a sholáthar le gach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil; iad sin nó an cóimheas idir an caiteachas poiblí iomlán, gan maoiniú náisiúnta breise a chur san áireamh, dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, a gealladh le haghaidh oibríochtaí a ndearnadh íocaíochtaí ina leith sa bhliain airgeadais roimhe sin, agus na haschuir réadaithe chomh maith leis an líon gaolmhar aschur agus an caiteachas gaolmhar.

Ní mór comhleanúnachas a áirithiú idir an fhaisnéis arna cur isteach ag Ballstáit éagsúla sna tuarascálacha feidhmíochta bliantúla a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115, faisnéis a chuireann na Ballstáit isteach ar bhonn deonach. Chomh maith leis sin, i gcás ina gcinneann an Ballstát an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 134(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 a chur isteach, ní mór don Bhallstát sin an fhaisnéis a chur isteach ar an gcaoi chéanna le linn ré iomlán chur chun feidhme Phlean Straitéiseach CBT, sin nó dhéanfaí dochar d'éifeacht úsáideach na faisnéise breise sin chun críche tuairiscithe bhliantúil ar fheidhmíocht agus chun críocha na nósanna imeachta imréitigh dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/2116.

Má chinneann Ballstát an fhaisnéis bhreise a chur isteach i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil de bhun Airteagal 134(6), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, is é an Ballstát sin a chuirfidh isteach an caiteachas a tabhaíodh agus na haschuir a fuarthas sa bhliain airgeadais roimhe sin le haghaidh na n-oibríochtaí uile a bhaineann leis an idirghabháil sin a roghnaíodh i ngach ceann de na blianta airgeadais roimhe sin le haghaidh gach idirghabhála nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2021/2116. Cuirfear isteach an caiteachas agus na haschuir le haghaidh na n-oibríochtaí uile a roghnaíodh i ngach ceann de na blianta airgeadais roimhe sin i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil fad a dhéantar íocaíochtaí (agus a fhaightear aschuir) i ndáil leis na hoibríochtaí sin sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin. I bhfianaise an mhéid sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann isteach i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil an caiteachas a tabhaíodh agus na haschuir a fuarthas ar leithligh (imdhealaithe) le haghaidh oibríochtaí a roghnaíodh i ngach bliain airgeadais roimhe sin, ionas go mbeifear in ann an caiteachas a tabhaíodh agus na haschuir a fuarthas a cheangal leis na hoibríochtaí a roghnaíodh i mbliain airgeadais shonrach roimhe sin agus ar an gcaoi sin, go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na n-oibríochtaí agus na n-idirghabhálacha sin.

Má chinneann Ballstát an fhaisnéis bhreise a chur isteach i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil de bhun Airteagal 134(6), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115, cuirfidh sé isteach an fhaisnéis seo a leanas i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil le haghaidh gach idirghabhála nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2021/2116:

(a) an cóimheas idir an caiteachas poiblí iomlán, gan maoiniú náisiúnta breise a chur san áireamh, dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, a gealladh d'oibríochtaí a ndearnadh íocaíochtaí ina leith sa bhliain airgeadais roimhe sin, agus na haschuir réadaithe; agus

(b) an cóimheas idir an caiteachas poiblí iomlán, gan maoiniú náisiúnta breise a chur san áireamh dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, a gealladh d'oibríochtaí a ndearnadh íocaíochtaí ina leith sa bhliain airgeadais roimhe sin, agus an líon gaolmhar aschur.

Má chinneann Ballstát an fhaisnéis bhreise a chur isteach i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil de bhun Airteagal 134(6), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115, ní gá faisnéis maidir le caiteachas gaolmhar a chur isteach ós rud é go bhfuil an fhaisnéis maidir le caiteachas mar chuid cheana féin den fhaisnéis chainníochtúil a cheanglaítear ar an mBallstát a chur isteach i ngach tuarascáil feidhmíochta bhliantúil de bhun Airteagal 134(5), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115.